Gradaim *Golden Globe*

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi ghradaim *Golden Globe* a bhí ar siúl i Meiriceá le déanaí. Sula bhféachann tú ar an tuairisc an féidir leat féin agus an duine in aice leat na téarmaí / frásaí Gaeilge a aimsiú de na focail seo thíos:

1. awards ceremony
2. the good and the great
3. seven nominations
4. the former president
5. which is set in Iran
6. in competition with
7. newly composed song
8. which stole most of the awards

Ceist 2 **(a)** Féach ar an mhír den dara huair agus breac síos aon eolas a fhaigheann tú faoi na daoine seo a leanas:

1. Daniel Day Lewis
2. Jessica Chastain
3. Ben Affleck
4. Adele

(b) Cad a luaitear faoin scannán *Les Misérables*?

(c) Cén fáth a raibh Bill Clinton i láthair ag gradaim *Golden Globe*?

Ceist 3 **'…**dá páirt **vs.** dá p**h**áirt…'

(a) Déan féin agus an duine in aice leat an séimhiú i gcló dubh thuas a mhíniú.
(b) Breac síos samplaí eile chun an riail a mhíniú.

Ceist 4. Déan féin agus an duine in aice leat liosta de na focail agus na frásaí a bhaineann le scannáin.

Ceist 5 **…** *don aisteoir <u>is fearr</u>…*

Úsáidtear an focal **is** chun *the best*, *the biggest*, etc. a chur in iúl. Is ionann foirm don tsárchéim agus don bhreischéim mar atá le feiceáil thíos.

1. Aidiachtaí rialta			
	Bunchéim	**Breischéim**	**Sárchéim**
Aidiachtaí a chríochnaíonn ar ghuta* *Eisceachtaí is ea breá, fada, te, nua	buí	Níos buí	Is buí
Aidiachtaí a chríochnaíonn ar chonsan leathan	da**or**	Níos dao**ire**	Is dao**ire**
Aidiachtaí a chríochnaíonn ar chonsan caol	ciú**in**	Níos ciúin**e**	Is ciúin**e**
-**úil** go –**úla**	suimi**úil**	níos suimi**úla**	is suimi**úla**
-**each** go –**í**	aist**each**	níos aist**í**	Is aist**í**
-**ach** go –**aí**	tábhacht**ach**	níos tábhacht**aí**	Is tábhacht**aí**
-**air** go –**ra**	deac**air**	Níos dea**cra**	Is deac**ra**
-íoch go -**íche**	iomaíoch	níos ioma**íche**	Is ioma**íche**
2. Aidiachtaí neamhrialta			
	Bunchéim	**Breischéim**	**Sárchéim**
	álainn	níos áille	is áille
	beag	níos lú	is lú
	breá	níos breátha	is breátha
	dian	níos déine	Is déine
	fada	níos faide	is faide
	fliuch	níos fliche	is fliche
	furasta	níos fusa	is fusa
	gearr	níos giorra	is giorra
	leathan	níos leithne	Is leithne
	maith	Níos fearr	Is fearr
	mór	Níos mó	Is mó
	olc	Níos measa	Is measa
	ramhar	Níos raimhre	Is raimhre
	Saibhir	Níos saibhre	Is saibhre
	te	Níos teo	Is teo
	tréan	Níos treise	Is treise

Féach ar an tábla thuas agus freagair na ceisteanna thíos:

(a) Cad a dhéantar le haidiacht a chríochnaíonn ar chonsan leathan le sárchéim agus breischéim na haidiachta sin a fháil?
(b) Cad a dhéantar le haidiacht a chríochnaíonn ar chonsan caol le sárchéim agus breischéim na haidiachta sin a fháil?

(c) Déan na habairtí seo a leanas a athrú go Gaeilge:

i. Your health is more important than anything.
ii. That's the strangest thing I've ever heard.
iii. This is the warmest room in the school.
iv. The weather is worse today than it was yesterday

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

- An dóigh leat gur siamsaíocht mhaith a bhíonn sna searmanais bhronnta?
- An spreagfadh an mhír tú dul chun féachaint ar cheann ar bith de na scannáin a luadh inti?
- Dá mbeifeá i d'aisteoir, arbh fhearr leat gradam *Golden Globe* nó *Oscar* a bhuachan? Cén fáth?
- Cén scannán ab fhearr atá feicthe agat go dtí seo? Cén fáth ar thaitin sé leat?

Freagraí

Ceist 1

1.	awards ceremony	*searmanas bronnta*
2.	the good and the great	*maith agus móruaisle*
3.	seven nominations	*seacht n-ainmniúchán*
4.	the former president	*An tIar-Uachtarán*
5.	which is set in Iran	*atá suite san Iaráin*
6.	in competition with	*san iomaíocht le*
7.	newly composed song	*amhrán nua-chumtha*
8.	which stole most of the awards	*a sciob an chuid is mó de na duaiseanna*

Ceist 2

(a) Daniel Day Lewis: Bronnadh gradam air don aisteoir is fearr dá pháirt sa scannán *Lincoln.*
Ben Affleck: Bronnadh gradam air don stiúrthóir is fearr don scannán *Argo*.
Spielberg: Bhí sé san iomaíocht le Ben Affleck, Tarantino agus Ang Lee don stiúrthóir is fearr.
Adele: Bhuaigh sí gradam don amhrán nua-chumtha ab fhearr a chum sí don scannán *Skyfall*.

(b) Fuair *Les Misérables* trí ghradam, ina measc, ceann do na haisteoirí agus ceann don scannán ceoil is fearr.

(c) Bhí Bill Clinton ann chun mír a chur i láthair.

Ceist 3

(a) dá páirt **vs.** dá **ph**áirt

do **nó** de + a = dá

do + a páirt = dá páirt *(her part)*
do + a p**h**áirt = dá p**h**áirt *(his part)*

(b) Bhuaigh sé gradam dá p**h**áirt / Bhuaigh sí gradam dá páirt
Thug sé aire dá m**h**áthair. / Thug sí aire dá máthair.
Thit sé dá c**h**athaoir. / Thit sí dá cathaoir.
Ghlac sé grianghraif dá t**h**each. / Ghlac sí grianghraif dá teach.

Ceist 4

Tabhair tamall do na daltaí an liosta a dhéanamh.

Ceist 5

(a) Cuirtear **-e** le haidiachtaí a chríochnaíonn ar chonsan caol

(b) Caolaítear aidiachtaí a chríochnaíonn ar chonsan leathan agus cuirtear **- e** leo

(c)

i. Tá do shláinte níos tábhachtaí ná rud ar bith eile.
ii. Sin an rud is aistí a chuala mé riamh.
iii. Seo é an seomra is teo sa scoil.
iv. Tá an aimsir níos measa inniu ná mar a bhí sé inné.

Ceist 6: Tabhair tamall do na daltaí na ceisteanna a phlé i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola

Ba iad na scannáin *Argo* agus *Les Misérables* ab fhearr a rinne aréir ag searmanas bronnta na ngradam *Golden Globe* in Los Angeles. Ar Daniel Day Lewis dá pháirt sa scannán *Lincoln* a bronnadh an gradam don aisteoir is fearr.

Bhí maith agus móruaisle as saol na scannán agus na teilifíse i láthair ag an searmanas aréir. Seacht n-ainmniúchán ar fad a fuair an scannán *Lincoln* agus cé go raibh an tIar-Uachtarán Bill Clinton i láthair le mír a chur i láthair, gradam amháin sa deireadh a fuair an scannán, an gradam don aisteoir is fearr, Daniel Day Lewis. Is ar Jessica Chastain a bronnadh an gradam don bhan-aisteoir[i] is fearr dá páirt sa scannán *Zero Dark Thirty.* Ba iad an dá ghradam a fuair an scannán *Argo* atá suite san Iaráin is mó a tharraing caint aréir, ceann don scannán is fearr agus ceann do Ben Affleck don stiúrthóir is fearr a bhí san iomaíocht le Spielberg, Ang Lee agus Tarantino.

Ar ndóigh, rinne an scannán *Les Misérables* an-mhaith freisin aréir: trí ghradam ar fad, ina measc, duaiseanna do na haisteoirí agus gradam freisin don scannán ceoil is fearr. Is í Adele, an t-amhránaí as an mBreatain a bhuaigh an gradam don amhrán nua-chumtha ab fhearr a chum sí don scannán Bond *Skyfall.* Sa teilifís, ba iad na cláracha[ii] sraithe *Girls* agus *Homeland* a sciob leo an chuid is mó de na duaiseanna[iii].

[i] don mban-aisteoir a deirtear
[ii] 'cláir' atá sa chaighdeán
[iii] 'duaiseannaí' a deirtear